## Conas is féidir leat cabhrú le do pháiste ina chuid foghlama?



Seo roinnt moltaí praiticiúla:

- Nuair a bhímid ag cur ceist ar scoláire cén dóigh a bhfuil rudaí ar scoil, déanann sé difear cé na ceisteanna a chuirimid. Mura ndéanfá ach an cheist a athrú beagán ó *"Cad é a rinne tú ar scoil inniu?"* go *"Cad é a d'fhoghlaim tú ar scoil inniu?"* thiocfadh dó go gcuirfí an bheirt agaibh a chaint ar fhoghlaim, rud a chabhródh le do pháiste smaoineamh tuilleadh faoin méid atá siad a fhoghlaim agus faoin gcaoi a bhfuil siad á dhéanamh sin.

- Ó tharla go mbíonn an t-aistriú go dtí an iar-bhunscoil scáfar go leor in amanna, d'fhéadfadh brú a bheith ar scoláirí an freagra ceart a fháil ar phíosa oibre. Dá bharr sin, seans go mbeidh siad ag iarraidh ortsa cuidiú leo agus tú ag amharc siar ar a gcuid oibre.

- Is féidir le do pháiste a lán a fhoghlaim ó na meancóga nó ó na botúin a dhéanann siad. Nuair a bhíonn tú ag cuidiú le do pháiste lena gcuid obair baile tá sé tábhachtach iad a spreagadh bród a bheith orthu as a gcuid oibre agus a seacht ndícheall a dhéanamh.

- B'fhiú plé a dhéanamh ar aon aiseolas a fuair do pháiste. Thiocfadh le scoláirí na hintinní foghlama don obair a thaispeáint duit agus cén chuma a bheadh ar obair mhaith trí na critéir ratha dá gcuid oibre a phlé.

- I rith na bliana agus roimh chruinnithe le múinteoirí, déan iarracht labhairt le do pháiste go bhfeice tú conas atá ag éirí leo i ngach rang. Ba chóir duit tuairimí do phaiste a roinnt lena múinteoirí freisin. Ba chóir go mbeadh scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí ag tuairisciú ar an bhfoghlaim agus á plé.

- Nuair a fhaigheann tú tuairisc scríofa sa bhaile, iarr ar do pháiste a rá conas a shíleann siad a léiríonn an tuairisc a dul chun cinn sa rang. Fiafraigh de do pháiste conas is féidir an t-eolas sa tuairisc a úsáid le cabhrú leo ina gcuid foghlama amach anseo.

## Téarmaí Tuairiscithe

**Tuairiscíní MRB**

Thar barr ar fad
Os cionn na n-ionchas
Ag teacht leis na hionchais
Níor chomhlíon na hionchais go fóill

**Scrúduithe CSS**

| | |
|---|---|
| Gradam | 90–100% |
| Ardtuillteanas | 75–89% |
| Tuillteanas | 55–74% |
| Gnóthaithe | 40–54% |
| Gnóthaithe go páirteach | 20–39% |
| Neamhghrádaithe | 0 – 19% |

**CFL2anna**

Gnóthaithe

**CFL1anna**

Curtha i gCrích go Maith
Dul Chun Cinn Gnóthaithe

### Tuairisciú leanúnach sa tSraith Shóisearach

'Is iomaí cineál leagan amach a bheidh ar thuairisciú sa tsraith shóisearach lena n-áirítear **aiseolas neamhfhoirmiúil ó bhéal, cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí, logaí foghlama agus dialanna chomh maith le tuairiscí scríofa foirmiúla deireadh téarma agus deireadh topaice/aonaid**. Is cuma cén leagan amach a úsáidtear, is cuid thábhachtach den phróiseas measúnaithe é an tuairisciú éifeachtach mar gur féidir leis aiseolas saibhir a sholáthar chun cabhrú le foghlaim scoláirí.'

**Treoirlínte um Thuairisciú CNCM, 2018**

### Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Tugann an PGSS pictiúr gléineach ar dhul chun cinn, foghlaim agus gnóthachtáil scoláirí thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Tugtar tuairisc inti ar Scrúduithe Stáit, Measúnuithe Rangbhunaithe, Folláine, Réimsí Foghlama Eile agus, mar is cuí, Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2. Is í an scoil a eisíonn an PGSS laistigh de bhliain féilire an scrúdaithe.

Lean muid ar Twitter **@JCforTeachers**

**www.jct.ie** le haghaidh eolais ar FGL do mhúinteoirí agus eolas ginearálta maidir leis an tSraith Shóisearach nua.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

*Eolas do Thuismitheoirí Scoláirí Iar-Bhunscoile*

# Measúnú agus Tuairisciú Leanúnach sa tSraith Shóisearach

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

## Foghlaim Leanúnach sa tSraith Shóisearach

Rachaidh do pháiste i gceann réimse d'eispéiris foghlama i rith na sraithe sóisearaí ar nós:

- Plé le múinteoir agus le piaraí
- Láithriú agus léiriú ar bhealaí éagsúla
- Smaoineamh go criticiúil agus machnamh ar an bhfoghlaim
- A bheith cruthaitheach, fiontraíoch agus nuálach
- Comhoibriú lena chéile chun tascanna a chríochnú



## Measúnú Leanúnach sa tSraith Shóisearach

Tugann an measúnú leanúnach sa tsraith shóisearach léargas ginearálta ar an dul chun cinn a bhíonn do pháiste a dhéanamh ar scoil. Beidh cuir chuige éagsúla in úsáid ag scoileanna a chabhróidh le scoláirí léiriú a thabhairt ar a dtuiscint, a gcuid eolais agus scileanna agus a gcumas chun iad sin a úsáid ar bhealaí nárbh fhéidir a dhéanamh i scrúdú scríofa. Cuirfidh na cuir chuige dhifriúla seo i leith an mheasúnaithe fianaise níos leithne ar fáil ar fhoghlaim an scoláire ar feadh na dtrí bliana den tsraith shóisearach.

Spreagfar do pháiste freisin chun machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn ina gcuid foghlama féin agus é sin a phlé lena gcuid múinteoirí. Cuideoidh sé sin le scoláirí a bheith ina bhfoghlaimeoirí níos neamhspleáiche agus scileanna a fhorbairt le haghaidh na scoile, na hoibre, an tsaoil agus breis staidéir.

## Amlíne de Mheasúnú Leanúnach sa tSraith Shóisearach

*Bliain 1* *Bliain 2* *Bliain 3*

### Scoláirí ag machnamh ar a gCuid Foghlama

Spreagtar scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leo ina gcuid foghlama, rud a chabhraíonn leo úinéireacht a bheith acu ar a gcuid foghlama agus ar a gcuid forbartha mar fhoghlaimeoirí féinstiúrtha.

### Ócáidí Measúnaithe

Pleanálann múinteoirí ceachtanna agus gníomhaíochtaí chun foghlaim a léiriú. Is féidir go mbeadh bailiú fianaise ar eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire i gceist leis seo ar feadh na dtrí bliana dá gcuid oideachais sa tSraith Shóisearach.

### Aiseolas Foirmitheach

Cuireann múinteoirí tacaíocht leanúnach agus aiseolas ar fáil chun cabhrú le scoláirí na chéad chéimeanna eile dá gcuid foghlama a phleanáil. Moltar comhoibriú idir scoláirí sa chaoi go mbeidh siad ag roinnt a gcuid smaointe agus ag foghlaim le chéile.

### Tuairisciú Leanúnach

Déantar dul chun cinn agus gnóthachtáil scoláirí ina gcuid foghlama a thuairisciú le tuismitheoirí le linn na dtrí bliana den tSraith Shóisearach, ag tabhairt léargas ar an áit a bhfuil scoláirí ina gcuid foghlama agus conas is féidir leo tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.

### Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna)

Déanfaidh scoláirí MRBanna i ngach ábhar agus gearrchúrsa. Tarlaíonn siad sin sa dara agus sa tríú bliain agus is iad na múinteoirí a dhéanann measúnú orthu.

### An Scrúdú Deiridh agus an Tasc Measúnaithe (TM)

Déanann scoláirí scrúdú deiridh i ngach ábhar ag deireadh an tríú bliain. Lena chois sin, déanfaidh scoláirí tionscadal nó Tasc Measúnaithe machnaimh. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanann measúnú orthu sin.

### Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Tugann an PGSS léargas cuimsitheach ar ghnóthachtáil scoláire thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Is í an scoil a eisíonn an PGSS laistigh den bhliain féilire ina dtarlaíonn an Scrúdú Deiridh.